

# SIAMSÁN SA MBAILE!

## Tomhais Teideal an Amhráin

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir an leathanach a scanadh nó pictiúr de a sheoladh chuig: [eolas@tuismitheoiri.ie](mailto:eolas@tuismitheoiri.ie)

Roghnófar buaiteoir ar an Máirt 21 Aibreán mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00in an lá sin. Go n-éirí libh!

**An Duais:** Dearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

## Tomhais teideal an amhráin

Tá liosta leideanna tugtha thíos. Tomhais cén focal atá i gceist i ngach aon leide. Cuir an chéad litir d'achan focal le chéile ansin agus tiocfaidh tú ar theideal an amhráin (tá 3 fhocal sa teideal). Gníomhaíocht Teaghlaiigh atá ann mar go bhfuil réimse leathan eolais a dhíth.

### Sampla:

1. Ó thús go \_\_\_\_\_ (Deireadh)
2. Toradh deas blasta dearg nó glas (Úll)
3. Leigheas ag an gcopóg ar dhó ón bplanda seo (Neantóg)

Freagra: D-Ú-N = DÚN

### Ceisteanna:

1. Dath na gréine.
2. Le fáil sa tobar.
3. Bíonn drámaí le feiceáil san áit seo.
4. An sliabh is airde in Éirinn.
5. Honolulu príomhchathair an stáit seo.
6. Is san áit seo atá Glaschú agus Dún Éideann suite.
7. Le fáil ar do bhróg.
8. Mí thús an fhómhair.

'TIOCFAIMID  
SLÁN'

9. Béile i lár an lae.
10. Tá Mamó sean ach tá an babaí --
11. ---- na Fuiseoige, clár ar RnaG.
12. Ádhamh agus ----
13. Cuirtear ar arán é.
14. Scéal nach bhfuil fíor, cúlchaint, luaidreán.
15. Focal eile do scamall.
16. Lámh, lámh \_\_\_\_, a haon a dól!

'TIOCFAIMID  
SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Tuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scriosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí  
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta